# FAOISEAMH CÁNACH AR THABHARTAIS DO CHOMHLACHT RIALAITHE NÁISIÚNTA (CRN)

*Tabhartais faighte ar an 1 Eanáir 2025 nó dá éis

Tá an deimhniú seo le bheith comhlánaithe ag deontóirí atá ina n-daoine aonair agus ar mian leo ligean don CRN an faoiseamh cánach ar a dtabhartas a éileamh. Ní mór an fhoirm a chur ar aghaidh chuig agus a choinneáil ag an gCRN.

Dearbhaím [ ] (ainm) go bhfuil tabhartas déanta agam

don [ ] (Comhlacht Rialaithe Náisiúnta - féach nóta 1)

Uimhir CS [ ] (*féach nóta 2)*

agus an suim a bhí i gceist ná [ ]

(i bhfocail)

€ [ ] (an tsuim iomlán a deonaíodh sa bhliain)

maidir le **hUimhir Tionscadail Cheadaithe** [ ] (féach nóta 3)

sa bhliain dar críoch 31 Nollaig [ | | | ] (bliain)

agus

- Bhí mé cónaitheach sa Stát sa bhliain thuasluaite
- B'ionann an tabhartas agus €250 ar a laghad sa bhliain chánach
- D'íoc mé suim cánach ioncaim atá cothrom le cáin ioncaim don bhliain thuas ar shuim chomhlán an tabhartais *(féach Nóta 4)*
- ní bhfuair mé féin ná aon duine bainteach liom sochar ná ní bhfaighidh mé iad de bharr an tabhartais seo a dhéanamh, lena n-áirítear an ceart chun ballraíochta a fháil sa Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta nó an ceart chun áiseanna an chomhlachta sin a úsáid
- ní raibh an tabhartas faoi réir coinníll maidir le haisíocaíocht ná coinníoll maidir leis, nó bainteach leis, an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta ag fáil maoin seachas mar bhronntanas, uaimse nó ó dhuine a bhfuil baint aige nó aici liom.

**UPSP** [ | | | | | | | | ]

Síniú [ ]

Seoladh (Eircode san áireamh)

[ ]

Dáta [ | | | | | | | ]

Dearbhaím go bhfuil m'fhaoiseamh cánach á bhronnadh agam ar an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta agus tuigim nach féidir liom éileamh ar an bhfaoiseamh cánach céanna a thiolacadh mé féin [ ] (féach nóta 5)

**Deimhniú SPR2**

**NÓTAÍ**

1. Ciallaíonn Comhlacht Rialaithe Náisiúnta (CRN) comhlacht is ea Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann, Cumann Parailimpeach na hÉireann, nó comhlacht atá liostaithe mar eagraíocht Cineál B nó Cineál C ar Chlár eagraíochtaí Spórt Éireann atá ag cloí le Cód Rialachais an Spóirt https://www.sportireland.ie/national-governing-bodies/ngb-contact-finder. Chun faoiseamh cánach ar thabhartais a fháil, ní mór don CRN a bheith ina chomhlacht ceadaithe de dhaoine de réir bhrí Alt 235(1) den Acht um Chomhdhlúite Cánacha 1997 i.e. gur bronnadh uimhir Díolúine Cluichí agus Spóirt (GS) air ag na Coimisinéirí Ioncaim faoi Alt 235 den Acht um Chomhdhlúite Cánacha 1997.

2. Ba chóir don Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta an uimhir CS a chur ar fáil duit

3. Sainmhínítear Tionscadal Cáilitheach mar:

    a. an ceannach de threalamh spóirt atá ceadaithe ag an Aire mar threalamh atá incháilithe le haghaidh maoinithe faoin Chiste na nÁiseanna Spóirt Pobail agus a úsáideann an CRN i spórt dá chuid féin,
    b. bearta chun tacú le sárlúthchleasaithe barr feabhais a bhaint amach i "spórt iomaíoch" mar a shainmhínítear in alt 235(1)(b)TCA1997
    c. bearta lena gcuirtear rannpháirtíocht na mban chun cinn i spórt, agus
    d. bearta lena gcuirtear rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas i spórt chun cinn

    Ba chóir don Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta an Uimhir Tionscadail Cháilithigh a chur ar fáil duit

4. Ciallaíonn an téarma 'suim chomhlán an tabhartais' an tsuim, a fhágann suim an tabhartais mar a deonadh

5. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil éileamh do-chúlghairthe nuair a thíolacann an Comhlacht Náisiúnta Rialaithe nó an deontóir é

**Samplaí**

- Ag an **ráta caighdeánach** 20%, is é suim chomhlán tabhartais €250 ná €312.50 (is é sin €250 x 100 ÷ 80). Ba é € 62.50 an cháin a bhaineann leis an tabhartais.
- Ar an **ardráta** 40%, is é suim chomhlán tabhartais €250 ná €416.67 (is é sin €250 x 100 ÷ 60). Ba é € 166.67 an cháin a bhaineann leis an tabhartais.

***Tá sé tábhachtach a thabhairt do d'aire nach bhfuil deontóir i dteideal aisíocaíocht ar aon chuid den cháin a aisíocadh leis an gCRN faoin scéim seo.  Airítear leis seo éilimh ar fhaoiseamh cánach i leith costais leighis.***

***Mar shampla, má bhí costais leighis ag deontóir laistigh den bhliain ach má tá foirm SPR2 tíólactha aige cheana féin, ní féidir faoiseamh cánach ioncaim a fháil ach amháin ar an méid cánach a íocadh, lúide an faoiseamh cánach a aisíocadh leis an gCRN.***

**Tuilleadh Eolais**

Féadtar tuilleadh eolais maidir leis an Scéim Tabhartas Spóirt a fháil ag https://www.revenue.ie/ga/companies-and-charities/charities-and-sports-bodies/tax-relief-donations-certain-sporting-bodies/index.aspx

**Deimhniú SPR2**

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó leis an dlí. Tá na sonraí uile faoi bheartas cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an chaoi a úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le heolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachas** ar **www.revenue.ie.** Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcruachóip chomh maith, ach í sin a iarraidh.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.